

Clár na nÁbhar

Leathanach

Cuspóirí an tSiollabais.	1
--------------------------	---

Aonad 1: Amhrán Dualgais (Bliain A)

An Mhaighdean Mhara (Éire).	2
Kalinka (An Rúis).	5
The Sandman (Brahms).	8
The Streets of Laredo (Meiriceá).	14
The Fifty Ninth Street Bridge Song (“Feelin’ Groovy”, Paul Simon).	17
Carúl Loch Garman (Éire).	20
La Speranza (as an gceoldráma <i>Ottone</i> le Handel).	23
Sumer is Icumen In.	27

Aonad 2: Saothair Dhualgais (Bliain A)

Conas scór a léamh.	33
Handel: Water Music (an leagan bunaidh), Sraith in D.	34
An dara gluaiseacht: Cornphíopa.	34
An cúigiú gluaiseacht: Minit.	44
Rossini: Réamhcheol: “William Tell”.	51
Orff: <i>Carmina Burana</i> (an chéad ghluaiseacht <i>O Fortuna</i>).	110
Dul Siar:	117

Cuspóirí an tSiollabais – Amhráin Dualgais

Beidh trí ghrúpa amhrán ag déanamh uainíochta, gach bliain ina seal, do gach sraith nua den Teastas Sóisearach agus beidh siad ina gcuid dualgais den siollabas Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil. Beidh gá le heolas níos mionchruinne ar na hamhráin dualgais ná mar a bheidh ar na hamhráin a roghnaítear go comhleantach leo.

Grúpa A: An Mhaighdean Mhara (Éire)
Kalinka (An Rúis)
The Sandman (Brahms)
The Streets of Laredo (Meiriceá)
The Fifty Ninth Street Bridge Song (“Feelin’ Groovy”, Paul Simon)
Carúl Inis Córthaidh (Éire)
La Speranza (as an gceoldráma *Ottone* le Handel)
Sumer is Icumen In

Cuspóirí an tSiollabais – Saothair Dhualgais

Déanfaidh trí ghrúpa de shaothair a leagtar síos le haghaidh staidéir ar leith uainíocht, gach bliain ina seal, do gach sraith den Teastas Sóisearach. Beidh gach aon cheann acu ina chuid dualgais den siollabas Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil. Is é Grúpa A atá ar an gcúrsa do scrúdú na bliana 1994; tá Grúpa A ar an gcúrsa do scrúdú na bliana 1995, agus mar sin de. Beidh gá le heolas níos mionchruinne ar na saothair dhualgais ná mar a bheidh ar na saothair a roghnaítear go comhleantach leo.

Handel: **Water Music (an leagan bunaidh), Sraith in D**
An dara gluaiseacht: Cornphíopa
An cúigiú gluaiseacht: Minit


Rossini: **Réamhcheol: “William Tell”**

Orff: ***Carmina Burana* (an chéad ghluaiseacht *O Fortuna*)**

Aonad 1 – Amhráin Dualgais: Grúpa A

An Mhaighdean Mhara

Is amhrán Gaelach (nó amhrán tíre) é seo a thagann ó Dhún na nGall.



Is cos-úil gur mheath tú nó gur thréig tú an greann. Tá an sneach - ta go fras -

ach fá bhéal na nAthann; do chúl buí dai - te is do bhéi - lín

sámh, siúd chug-aibh Ma-ry Chinn-idh 'sí ndiaidh an Éir - ne 'shnámh.

Véarsa 2:

A mháithrín dílis, dúirt Máire Bhán
Fá bhruach an chladaigh is fá bhéal na trá;
Maighdeán mhara mo mháithrín ard,
Siúd chugaibh Mary Chinnidh is í i ndiaidh an Éirne a shnámh.

Véarsa 3:

Tá mise tuirseach agus beidh go lá
Mo Mháire bhroinngeal is mo Phádraig Bán
Ar bharr na dtonnta 's fá bhéal na trá,
Siúd chugaibh Mary Chinnidh is í i ndiaidh an Éirne a shnámh.



De réir an scéil, tháinig fear ar mhaighdean mhara in aice a bhaile. Thóg sé a ruball agus chuir sé i bhfolach sa scioból é, agus thóg sé an bhean ar ais go dtí a theach. Phós siad agus bhí beirt pháistí acu – Máire agus Pádraig. Blianta ina dhiaidh sin tháinig an bhean ar an ruball agus thuig sí ansin gur maighdean mhara a bhíodh inti. Tháinig cumha uirthi agus chuaigh sí ar ais chun na farraige. Seo an t-amhrán a chanann an fear nuair a thuigeann sé go bhfuil a bhean imithe go deo.

Gnéithe Ginearálta an Cheoil

Tonúlacht: Mód dó

Mothú : Brónach.

Luas: Mall.

Foirm: 4 mhír – A,B,C,D. Tá an ceol mar an gcéanna sna véarsaí go léir. Foirm strófach atá ann.

Amchomhartha: 3/4


Rithim: Cé go bhfuil an t-amhrán scríofa anseo in am 3/4, tá an luas chomh mall go gcantar le rithim shaor go minic é. Tosaíonn gach mír ar an 3ú buille den bharra - anacrúis. Leanann an ceol rithim na bhfocal agus bíonn sioncóipiú ann i roinnt frásaí dá bharr.

Gnéithe eile Ceoil: Gluaiseacht chéimneach. Réimse 10 nóta (níos mó ná ochtach agus leathan dá bharr). Tá ornáidiú san amhrán. Cuireann an cantóir ornáidiú isteach aon áit is mian leis/léi. Mar gur amhrán tíre é, tá leaganacha éagsúla ar fáil de. Tá leagan an-deas ag Altan ar an albam “Island Angel” agus tá leagan eile ag Clannad ar an albam “Clannad”. Éist leis an dá cheann agus cuir iad uilig i gcomparáid lena chéile.

Le foghlaim:

Sioncóipiú: Cineál rithime ina gcuirtear an bhéim ar lagbhuille sa barra.

Tá an traidisiún a bhaineann le maighdeanacha mara an-sean agus le fáil in go leor cultúr ar fud an domhain. Bean a bhfuil corp mná ar barr aici, agus ruball éisc faoi sin. Deirtear go gcanann sí do na daoine agus go gcuireann sé seo isteach orthu ag obair. Uaireanta tógann sí daoine chuig an ríocht atá aici faoin bhfarraige, agus déanann sí dearmad nach féidir leo análú faoin uisce. Tá maighdean mhara le feiceáil i gcuin Copenhagen mar gurb as an Danmhairg do Hans Christian Anderson a scríobh an scéal “The Little Mermaid”. In Éirinn agus sa Bhreatain ba mhinic a mbíodh drochainm ag maighdean mhara de bharr a cumhachta ar na gnáthdhaoine.



Cleachtadh 1.1.1

Freagair na Ceisteanna thíos

1. Mínigh an téarma 'amhrán tíre':

2. Scríobh scéal an amhráin seo:

3. Cé a chum an ceol seo? _____

4. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

a. Tá an t-amhrán seo: tapaidh mall measartha

b. Tá sé i ngléas: mór mion

c. An nóta is airde san amhrán ná: _____ i mbarra _____.

d. An nóta is ísle san amhrán ná: _____ i mbarra _____.

e. Réimse an amhráin ná 6 nóta 8 nóta 9 nóta 10 nóta

f. Foirm an amhráin ná ABBA ABCD AABA

g. Is amhrán _____ é: rince goltraí óil

h. Tagann an t-amhrán ó Shasana ón bPortaingéil ó Éirinn

5. Scríobh síos dhá phointe suimiúla faoin amhrán:

Kalinka

Seo amhrán bainise ón Rúis. Tá an t-amhrán bainise tábhachtach sa Rúis. Is minic a chuireann aíonna eile ag an mbainis tuilleadh véarsaí leis, ag moladh na lánúine. Cantar an curfá ag tosnú go mall agus ag éirí níos tapúla de réir a chéile. Cantar an véarsa ag luas measartha ach é in am. Bíonn fadú ar chuid de na nótaí le teannas chruthú sa cheol.



a

accelerando poco a poco

Ka - lin - ka, ka - lin - ka, ka - lin - ka ma - ya; fsa-du ya - go - da ma -

lin - ka, ma - lin - ka ma - ya Ka - lin - ka, ka - lin - ka, ka - lin - ka ma -

ya; fsa-du ya - go - da ma - lin - ka, ma - lin - ka ma - ya. O o

un - der-neath the pine tree, un - der-neath the pine tree, lay me

down, lay me down to sleep. Ai-da ai-da lyu-li, ai-da, ai, da lyu-li.

Lay me down, lay me down to sleep.

Da capo al fine

Gnéithe de Cheol Tíre na Rúise: Athrú mór luais, nótaí fada coimeádta, guthanna ísle.

Rithim: 2/4 – cosúil le polca, móitíf rithimeach sa churfá, rithim barra 20 coitianta tríd an amhrán. Tosaíonn an curfá le hanacrúis.

Gnéithe eile Ceoil: Nótaí fada marthanacha, go leor gluaiseachta atá céimneach agus léimneach. Léim de sheachtach ag deireadh an véarsa.

Focail: Ciallaíonn Kalinka “aiteal” nó “juniper” i mBéarla. Is planda beag é le bláthanna bána agus caora corcra a úsáidtear le leigheas áirithe a dhéanamh. Ciallaíonn malinka “sú craobh”. Bhíodh nós ann na caora seo a ofráil don bhandia Lyuli le grá a fháil uaithi. Is féidir teacht ar aistriúchán Béarla de na focail ar an idirlíon, ach tá an Rúisis simplí go leor sa churfá lena chanadh.



Léiríonn an pictiúr na damhsóirí a dhéanadh an cineál damhsa a théann leis an amhrán Kalinka. Tá nós ag na fir léim suas san aer an-ard ar fad, agus bíonn an aclaíocht ag teastáil leis an gcineál seo damhsa a dhéanamh. Is féidir é a fheiceáil sa scannán “Fiddler on the Roof”. Bíonn sioncóipiú ina phríomhthréith den cheol seo mar go mbuailtear an rithim shioncóipithe sa chúlra nuair atá an chuid eile den cheol á chanadh gan sioncóipiú. Tá rubato an-

tábhachtach chomh maith mar go mbíonn an lucht éisteachta ar bís ag fanacht ar an gcéad chuid eile den cheol tosnú. Bíonn fir le guthanna an-íseal ar fad coitianta sa Rúis agus bhídís ag canadh amhrán sa stíl seo. Éist leis an amhrán seo ar www.youtube.com.

Le Foghlaim

Anacrúis: Nuair a thosaíonn an t-amhrán nó an frása ar an mbuile deireanach den bharra.

Rubato: Stíl rithime inar féidir leis an gcantóir an luas a lúbadh mar is mian leis.

Fadú: Comhartha a léiríonn gur gá fanacht ar an nóta seo níos faide ná luach an nóta. Is féidir ganacht air chomh fada agus is mian leat.

Cleachtadh 1.2.1

Freagair na ceisteanna thíos

1. Céard atá suimiúil faoi véarsaí an amhráin seo?

2. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

Tá an t-amhrán seo:	sona	grámhar	brónach	
Tá sé i mód:	dó	mí	só	lá
Úsáidtear tonúlacht:	mhór	mhion	mhódúil	
Tá an luas:	mall	moderato	mear	
Foirm an amhráin ná:	AB	ABCA	AABA	
Amhrán _____ é:	rinne	bainise	óil	
Tagann an t-amhrán:	ó Shasana	ón nGearmáin	ón Rúis	
Bogann an tséis i:	gcéimeanna	léimeanna	gcéimeanna & léimeanna	

3. An bhfuil anacrúis le fáil san amhrán seo? Má tá, abair cén áit:


4. Cad is brí le *rubato*? _____

5. Cad is brí le *accelerando*? _____

6. Mínigh *Da Capo*: _____

7. Mínigh *al fine*: _____

8. Athraigh na frásaí atá marcáilte le cuarcheangal sa sampla thíos le seicheamh a chur isteach ina áit. Críochnaigh mar a léirítear.



The Sandman

Is amhrán ealaíne an t-amhrán seo. Chum Johannes Brahms (1833-1897) an t-amhrán seo do leanaí a chairde, Clara agus Robert Schumann. Chum sé 14 amhrán den chineál seo sa bhliain 1858. Tá an ceann seo bunaithe ar amhrán tíre ón nGearmáin a chóirigh Brahms i stíl an amhráin ealaíne. Aistriúchán Gaeilge ar an leagan Gearmáinise atá sa véarsa thíos. Tá an tséis le fáil leis féin ar dtús agus ansin cóip den tionlacan pianó ionas gur féidir le do mhúinteoir nó le duine sa rang é a sheinm daoibh agus an rang á chanadh.

Andante

Tá bláth - an-na na tí - re ag dul chun suain a - nois. Tá

ceann gach bláth ag tí - tim, an rós, an lus chrom cinn. Tá

craobh-ach - a an chaor - thainn á n-ull - mhú féin chun suain.


Cod - ladh sámh cod - ladh sámh a chroí, a lin - bh - bhig. Tá

craobh-ach - a an chaor - thainn á n-ull - mhú féin chun suain.

Cod - ladh sámh cod - ladh sámh a chroí, a lin - bh bhig.



Andante.

Gesang.



1. Die Blü - me - lein sie schla - fen schon längst im Mon - den -
Vö - ge - lein sie san - gen so süß im Son - nen -
männ - chen kommt ge - schli - chen und guckt durch's Fens - ter -
männ - chen aus dem Zim - mer, es schläft mein Herz - chen

Clavier.



1. schein, sie nik - ken mit den Köp - fen auf ih - ren Sten - ge - lein.
2. schein, sie sind zur Ruh ge - gan - gen in ih - re Nestchen klein.
3. lein, ob ir - gend noch ein Lieb - chen nicht mag zu Bet - te sein.
4. fein, es ist gar fest ver - schlos - sen schon sein Guck - äü - ge - lein.



Vers. 3.

1. Es rüt - telt sich der Blü - then-baum, er säu - selt wie im Traum:
 2. Das Heim-chen in dem Aeh - ren-grund, es thut al - lein sich kund:
 3. Und wo er nur ein Kind - chen fand, streut er ihm in die Au - gen Sand.
 4. Es leuch-tet Mor-gen mir Will-komm das Äu - ge - lein so fromm!

1. Schla - fe, schla - fe, schlaf' du, mein Kin - de - lein!
 2. Schla - fe, schla - fe, schlaf' du, mein Kin - de - lein!
 3. Schla - fe, schla - fe, schlaf' du, mein Kin - de - lein!
 4. Schla - fe, schla - fe, schlaf' du, mein Kin - de - lein!

2. Die
 3. Sand -
 4. Sand -

Gnéithe Ceoil

Tonúlacht: G mór

Mothú: Séimh, suaimhneach

Luas: Andante – ag luas siúil

Foirm: AA II: BC :II (AABCBC)

Amchomhartha: 4/4

Rithim: Tosaíonn mír A agus B ar anacrúis (an 4ú buille den bharra). Rithim de chroisíní poncailthe.

Tionlacan: Seinneann an pianó camáin leanúnacha bunaithe ar chordaí briste (dó, mí, só, dó, só, mí, dó). Cruthaíonn an tionlacan seo, chomh maith leis an mbuille buan agus rithim réidh, suantraí.

Ornáidiú: Tá ornáidiú i bhfrása A nuair atá sé canta den dara huair. Féach barra 6: tá sé scríofa amach mar a chantar é sa chéad leagan den cheol, agus sa dara leagan (an leagan leis an tionlacan) tá sé scríofa mar nóta an-bheag. Tugtar appoggiatura ar an nóta beag seo. “Goideann” an nóta beag seo leath-luach an nóta ina dhiaidh.



Gnéithe eile Ceoil:

- Gluaiseacht chéimneach an chuid is mó den am.
- Buaicphointe na séise i mír B ag an bhfocal ‘chaorthainn’.
- Tosaíonn mír A ar só agus dó.

Le Foghlaim:

Suantraí: Amhrán ciúin, suaimhneach a úsáidtear chun páiste a chur ina chodladh.

Appoggiatura: Nóta ornáidithe a “ghoideann” leathluach an nóta mór ina dhiaidh.

Cleachtadh 1.3.1

Freagair na ceisteanna thíos

1. Míniú an téarma ‘amhrán ealaíne’:

2. Ainmnigh cumadóir an amhráin seo: _____

3. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

- | | | | | |
|-------------------------|-------------|--------------|--------------------------|---|
| a. Tá an t-amhrán seo: | suaimhneach | áthasach | brónach | |
| b. Tá sé i ngléas: | C | G | D | A |
| c. Úsáidtear tonúlacht: | mhór | mhion | mhódúil | |
| d. Tá an luas: | allegro | largetto | Andante | |
| e. Foirm an amhráin ná: | ABBA | ABA | AABCBC | |
| f. Tagann an t-amhrán: | ó Shasana | ón nGearmáin | ón Ostair | |
| g. Bogann an tséis i: | gcéimeanna | léimeanna | i gcéimeanna & léimeanna | |

4. Scríobh liosta de ghnéithe eile an amhráin

5. Cén fáth a bhfuil an ghluaiseacht chéimneach éifeachtach?


6. Ainmnigh dhá thréith a bhaineann leis an amhrán agus a chuidíonn le suantraí éifeachtach a dhéanamh.

-

-
-
-


-
-
-

- i. _____
- ii. _____
- iii. _____
- iv. _____
- v.** _____



The Streets of Laredo

Is bailéad stairiúil é an t-amhrán seo. Insíonn sé scéal buachalla bó atá ag fáil bháis toisc gur scaoileadh urchar leis i Laredo, Texas. Cantar an bailéad seo le fonn an amhráin Ghaelaigh ‘The Bard of Armagh’. Is cosúil gur thóg imirceach Éireannach an t-amhrán seo leis go Meiriceá sa 19ú haois agus níos déanaí cuireadh an t-amhrán nua seo leis an bhfonn. Bhí tionchar mór ag ceol Gaelach ar cheol tíre Mheiriceá.




"I see by your outfit, that you are a cowboy."
These words he did say as I slowly walked by.
"Come sit down beside me and hear my sad story,
For I'm shot in the chest, and today I must die."

"'Twas once in the saddle I used to go dashing,
'Twas once in the saddle I used to go gay.
First down to Rosie's, and then to the card-house,
Got shot in the breast, and I'm dying today."

"Oh, beat the drum slowly and play the fife lowly,
And play the dead march as you carry me along;
Take me to the valley, and lay the sod o'er me,
For I'm a young cowboy and I know I've done wrong."

"Get six jolly cowboys to carry my coffin,
Get six pretty maidens to bear up my pall.
Put bunches of roses all over my coffin,
Roses to deaden the clods as they fall."



"Then swing your rope slowly and rattle your spurs lowly,
And give a wild whoop as you carry me along;
And in the grave throw me and roll the sod o'er me.
For I'm a young cowboy and I know I've done wrong."

"Go bring me a cup, a cup of cold water.
To cool my parched lips", the cowboy then said.
Before I returned, his soul had departed,
And gone to the round up - the cowboy was dead.

We beat the drum slowly and played the fife lowly,
And bitterly wept as we bore him along.
For we loved our comrade, so brave, young and handsome,
We all loved our comrade, although he'd done wrong.



Gnéithe Ceoil

Tonúlacht: F mór

Mothú: Brónach, suaimhneach.

Séis: Simplí le gluaiseacht chéimneach an chuid is mó den am.

Rithim: Simplí le croisíní an chuid is mó den am. Tá croisín poncailte agus camán le fáil ann chomh maith. Athraíonn an rithim leis na focail.

Luas: Moderato

Foirm: ABAB1. 4 mhír, 4 bharra ar fhad.

Ceol tíre: Is amhrán tíre é The Streets of Laredo, agus tá leaganacha éagsúla ar fáil de.

Bíonn éagsúlachtaí sna focail, agus roinnt éagsúlachtaí sna nótaí séise agus sa rithim sna leaganacha éagsúla den amhrán. Is bailéad é chomh maith, mar sin tá an scéal níos tábhachtaí ná an ceol ná an rithim.

Laredo: Is baile é Laredo sa stát Texas sna Stáit Aontaithe. Tá sé lonnaithe ar abhainn an Rio Grande i ndeisceart an stáit. Tá clú agus cáil ar Texas mar gheall ar an ola atá le fáil ann.



Cleachtadh 1.4.1

Freagair na ceisteanna thíos

1. Mínigh an téarma 'bailéad' _____
2. Ainmnigh cumadóir an amhráin seo: _____
3. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:
 - a. Tá an t-amhrán seo: feargach grámhar brónach
 - b. Tá sé i ngléas: C F D
 - c. Úsáidtear tonúlacht: mhór mhion mhódúil
 - d. Foirm an amhráin ná: ABAB1 ABCA AABA
 - e. Tagann an t-amhrán: ó Shasana ón nGearmáin ó Mheiriceá
 - f. Bogann an tséis i: gcéimeanna léimeanna i gcéimeanna & léimeanna
4. Scríobh liosta de ghnéithe eile an amhráin

5. Scríobh síos an scéal a bhaineann leis an amhrán:

6. An bhfuil anacrúis le fáil san amhrán seo? _____
7. An bhfuil rubato le fáil san amhrán seo? _____
8. Cuir frása freagartha leis an bhfrása seo:



The Fifty Ninth Street Bridge Song (“Feelin’ Groovy”, Paul Simon)

Chum Paul Simon an t-amhrán pop seo. Sna seascaidí bhí an banna ‘Simon and Garfunkel’ an-cháiliúil. Bhí an t-amhrán seo ‘Feelin’ Groovy’ ar an albam *Parsley, Sage, Rosemary and Thyme*, a eisíodh sa bhliain 1966. Is ceiliúradh é ar shonas an tsaoil.

De bharr cúrsaí cóipchirt níl cead againn an ceol a thaispeáint sa leagan digiteach den leabhar.



Tá an tionlacan ceoil an-simplí – bain triail as é a sheinm sa rang le giotar nó le méarchlár.



Simon & Garfunkel ag canadh agus ag seinm ag ceolchoirm i mBaile Átha Cliath.

Grianghraf: Eddie Mallin

Gnéithe an Cheoil

Tonúlacht: Bb mór

Mothú: Áthasach, réchúiseach.

Luas: Measartha tapaidh, ach réchúiseach i gcónaí.

Foirm: 3 véarsa, 10 mbarra i ngach véarsa.

Séis: Tá réimse measartha cúng san amhrán ach leathnaítear é seo ar an bhfocal “groovy” i ngach véarsa le béim a chur ar an bhfocal agus ar an mothú a théann leis an bhfocal sin. Breachnaítear an tséis i ngach véarsa.



Rithim: Bríomhar, sioncóipithe. Cruthaítear an sioncóipiú trí shos a chur ar an gcéad bhuille den bharra i roinnt cásanna. Tá tríphléadaigh ar fáil sa tríú véarsa agus cuidíonn an t-athrú seo sa rithim le mothú suaimhneach, réchúiseach a chur sa cheol.

Comhcheol: Tugann cordaí simplí tionlacan don cheol san amhrán seo. Tá sé seo an-éifeachtach mar go dtugann sé tacaíocht don rithim chasta. Úsáidtear an pátrún céanna cordaí tríd síos, agus cuidíonn sé seo le haontacht a chur san amhrán. Is é an pátrún a úsáidtear ná: Eb – Bb – F – Bb nó ag baint úsáide as uimhreacha: IV – I – V – I.

Le Foghlaim:

Breahnú: Athrú a dhéantar ar shéis le héagsúlacht a chur sa cheol.

Tríphléadaigh: Rithim ina seinntear trí nóta in áit a mbeadh dhá cheann de ghnáth.

Sioncóipiú: Rithim bhríomhar ina mbaintear an bhéim den áit a mbíonn sé de ghnáth lena chur ar lagbhuille.

Cleachtadh 1.5.1

Freagair na Ceisteanna Thíos

1. Tabhair cuntas gairid ar chúlra an phop-amhráin/an amhráin spioradálaigh.


2. Cé a chum an t-amhrán seo? _____

3. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

- | | | | |
|-----------------------------------|-------------|--------------|------------------------|
| a. Tá an t-amhrán seo: | suaimhneach | áthasach | brónach |
| b. Tá sé i ngléas: | C | Bb | F D |
| c. Úsáidtear tonúlacht: | mhór | mhion | mhódúil |
| d. Tá an luas: | mall | mear | beoga |
| e. Foirm an amhráin i véarsaí ná: | A A1 A2 | A B C | A A B |
| f. Tá an rithim: | simplí | sioncóipithe | |
| g. Bogann an tséis i: | gcéimeanna | léimeanna | gcéimeanna & léimeanna |

4. Cén éifeacht a bhaineann leis an sioncóipiú san amhrán?

5. Can an chéad líne leis an rithim seo:



Cén difear a dhéanann sé seo don amhrán? An bhfuil sé níos fearr nó níos measa?
Cén fáth?

6. Déan taighde faoi Simon agus Garfunkel. Cár bh as dóibh?

7. Déan liosta de na hamhráin a chan siad. Ainmnigh 4 cinn.

- | | |
|----------|----------|
| 1. _____ | 3. _____ |
| 2. _____ | 4. _____ |

Carúl Loch Garman

Tháinig na focail agus an tséis sa charúl seo ó amhránaí traidisiúnta i Loch Garman. Téann traidisiún na gcarúl siar go dtí an 17ú haois i Loch Garman. Is amhrán tíre (amhrán na ndaoine) an carúl seo. Chuirtear ar aghaidh na hamhráin tíre ó ghlúin go glúin agus ní scríobhtaí síos iad. Dá bharr sin, tá cúpla leagan den amhrán seo ar fáil.

Ó tag - ai - gí, is adh-rai - gí an lean-bh cneas-ta sa chró 'na luí, Is

cuimh-ni - gí ar ghrá an Rí a thug dár saor-adh a - nocht an Naí. 'Sa

Mhui-re Mhath-air i bPar-thas Dé ar chlann bhocht Éa - bha, guigh

'nois go caomh, is dor-as an chró ná dún go deo go n~adh-raim feas-ta Mac

Mhui-re Ógh.

Véarsa 2:

I mBeithil thoir i lár na hoíche,
 Ba chlos an dea-scéal d'aoirí,
 Go follas don saol ón spéir go binn,
 Bhí ainglí ag canadh ó rinn go rinn.
 Gluaisigí go beo, a dúirt aingeal Dé,
 Go Beithil sall is gheobhaidh sibh é,
 Ina luí go séimh i mainséar féir,
 Siúd é an prionsa Mac óg an Rí.

Gnéithe Ceoil

Tonúlacht: Tá tonúlacht an-suimiúil san amhrán seo. Mar go n-úsáidtear an 7ú nóta íslithe agus ardaithe tá éiginnteacht ann. Is féidir a rá go bhfuil tús frása A i mód dó, ach faoin deireadh tá sé athraithe go mód só mar gheall ar an F nádúrtha. Úsáideann frása A1 mód dó mar nach bhfuil an 7ú nóta (F#) íslithe ar chor ar bith sa fhrása. Athraíonn an tonúlacht arís sa 3ú frása nuair a thagann Bb isteach agus úsáidtear F nádúrtha arís. Mar sin is féidir a rá go n-athraíonn an tonúlacht anseo go mód ré. Tá an frása deireanach mar an gcéanna leis an dara ceann i mód dó. Mar sin úsáidtear meascán mód san amhrán – móid dó, ré agus só.

Mothú: Áthasach ach le blas beag den bhrón sna nótaí maolaithe.

Luas: Mall.

Foirm: A A1 B A1

Amchomhartha: 3/4

Rithim: Tosaíonn gach mír ar anacrúis (an 3ú buille den bharra). Tá roinnt samplaí de shioncóipiú ann. Tá tríphléadach i mír B. Bíonn stad rialta i lár an fhrása agus ag deireadh an fhrása gach uair. Tugann sé seo blas den chantaireacht Ghréagórach don cheol.

Gnéithe eile Ceoil:

- Úsáidtear an 7ú nóta maol agus géar (F# agus F nádúrtha).
- Léim de sheachtach i mír B (ag buaicphointe an amhráin).
- Úsáidtear an tréach maolaithe sa tríú frása.
- Tá athrú móid i mír B – neamhghnách in amhrán tíre.

Le Foghlaim:

Ceol módúil: Ceol nach bhfuil mór ná mion. Ní gá gur dó ná lá an lárnóta tonúlachta ann.

Mód dó: Is é dó an lárnóta ar a bhfuaimníonn an ceol críochnaithe.

Mód ré: Is é ré an lárnóta ar a bhfuaimníonn an ceol críochnaithe.

Mód só: Is é só an lárnóta ar a bhfuaimníonn an ceol críochnaithe.

Faightear mód ar gach nóta den scála, tá cuid acu níos coitianta ná cuid eile.

Cleachtadh 1.6.1

Freagair na Ceisteanna Thíos

1. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:
 - a. Tá an t-amhrán seo: brónach suaimhneach áthasach
 - b. Úsáidtear tonúlacht: mhór mhion mhódúil
 - c. Tá an luas: mall andante mear
 - d. Is é an nóta is airde ná: _____
 - e. Is é an nóta is ísle ná: _____
 - f. Foirm an amhráin ná: ABBA1 ABAB1 AA1BA1
 - g. Bogann an tséis i: gcéimeanna léimeanna i gcéimeanna & léimeanna
2. Ainmnigh áit ina gcloistear sioncóipiú: _____
3. Scríobh liosta de ghnéithe eile an amhráin

4. Go minic má bhíonn nóta fada sa cheol bíonn sé ar an gcéad bhuille den bharra. Sa chéad barra den chéad, dara agus 4ú frása san amhrán seo titeann an nóta fada ar bhuille eile sa barra. Cén buille ar a dtiteann sé?

5. Déan cur síos ar an rithim, go háirithe an dara buille de gach barra. Cén éifeacht a bhaineann leis seo?

6. Ainmnigh dhá dhifríocht idir an carúl seo agus an carúl *Adeste Fideles*.
 - i. _____
 - ii. _____

La Speranza (as an gceoldráma *Ottone* le Handel)

Is áiria é 'La Speranza' ón gceoldráma *Ottone*, a chum George Frederick Handel (1685-1759) sa bhliain 1723. Is cineál ar leith áiria ar a dtugtar *áiria da capo* é La Speranza.

(Violini.)

GISMONDA.

(Bassi.)

La spe.ran.za è giun-ta in por-to

V.
p
nè sa più di che te-me-re se tran-qui-lo ve-de il mar, se tran-qui-lo ve-de il mar, — se tran-qui-lo

ve-de il mar; la spe.ran.za è giun.ta in por.to, la spe.ran.za è giun.ta in por.to,

p
nè sa più di che te-me-re se tran-qui-lo ve-de il mar, se tran-qui-lo

The image displays a musical score for a vocal piece, likely an opera or a song, in Italian. It consists of four systems of staves, each with a vocal line and a piano accompaniment. The lyrics are written below the vocal line.

System 1: The vocal line begins with the lyrics "re - de il mar," followed by "nè sa più di che te - me - re se tran - qui - lo". The piano accompaniment features a steady eighth-note pattern in the left hand and a more melodic line in the right hand.

System 2: The vocal line continues with "re - de il mar." and ends with a fermata. The piano accompaniment continues with the same eighth-note pattern. The word "Tutti." is written above the first staff, and "(Fine.)" is written below the last staff.

System 3: The vocal line begins with "Sol man - ca - ra al mio con - for - to" followed by "que - sta sor - te di pia - ce - re o - ra più non sò - bra - mar,". The piano accompaniment continues with the same eighth-note pattern.

System 4: The vocal line continues with "o - ra più non sò - bra - mar." and ends with a fermata. The piano accompaniment continues with the same eighth-note pattern. The word "Dal Segno." is written to the right of the last staff.

La speranza è giunta in porto, nè sa più di che temere se tranquillo vede il mar,
 Se tranquillo vede il mar, se tranquillo vede il mar;
 La speranza è giunta in porto, La speranza è giunta in porto
 nè sa più di che temere se tranquillo vede il mar, Se tranquillo vede il mar
 nè sa più di che temere se tranquillo vede il mar.

Sol mancava al mio conforto questa sorte di piacere ora più non sò bramar, ora più non sò
 bramar.

Gnéithe Ceoil

Tonúlacht: Mór ach athraíonn go mion i gcuid B.

Mothú: Áthasach

Luas: *Andante con moto* (Ag luas siúil le gluaiseacht)

Foirm: Tá foirm speisialta ABA aige. Uaireanta cuireann an t-aonréadaí ornáidiú sa bhreis in A don dara huair chun a c(h)umas a léiriú.

A: Mear i mórghléas

B: Codarsnacht déanta sa mhionghléas

A: An chéad rannóg athdhéanta



Amchomhartha: 4/4

Rithim: Croisíní poncailte agus camáin.

Ciall na bhFocal: Tá an dóchas ionainn. Tá bean (Gismonda) ag canadh faoin dóchas atá aici. Tá an fharraige suaimhneach agus níl aon eagla uirthi. Sa dara cuid deir sí go mothóidh sí uaithi an ghrian chun sólas a thabhairt di. Is féidir teacht ar leagan Béarla den amhrán: “Spring”

Gnéithe eile Ceoil: Meascán de ghluaiseacht chéimneach agus léimneach.

- Ornáidiú.
- Míreanna gairide agus iad athsheinnte.
- Focaldathú: I mbarra 37 tá focaldathú ar na focail “temere” (eagla). Is cosúil go bhfuil an ceol ar crith le heagla ag an bpointe seo.
- Meiliosma ag deireadh aonad A ar an bhfocal “mar”
- Seichimh: “la speranza è giunta in porto” (b.23/24). Athsheinnte 4ch níos airde (b. 25/26).

Le Foghlaim:

Áiria da capo: Amhrán as ceoldráma i bhfoirm ABA.

Focaldathú: Léirítear brí na bhfocal sna nótaí ceoil.

Meiliosma: Siolla amháin canta thar roinnt nótaí.

Cleachtadh 1.7.1

1. Cad is ceoldráma ann?

2. Cathain a thosaigh an ceoldráma ar dtús? _____

3. Ainmnigh cumadóir cáiliúil ceoldrámaí: _____

4. Mínigh an téarma 'reacaireacht':

5. Mínigh áirí:

6. Ainmnigh an ceoldráma as a dtagann an áirí seo: _____

7. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

a. Tá an t-amhrán seo: feargach grámhar dóchasach

b. Tá sé i ngléas: C F E D

c. Úsáidtear tonúlacht: mhór mhion mhór & mhion

d. Tá an luas: mall moderato andante

e. Is é an nóta is airde ná: _____

f. Is é an nóta is ísle ná: _____

g. Foirm an amhráin ná: ABC AAB ABA

h. Bogann an tséis i: gcéimeanna léimeanna i gcéimeanna & léimeanna

8. Ainmnigh trí chodarsnacht idir cuid A agus cuid B:

i. _____

ii. _____

iii. _____

Summer is Icumen In (Rothlam le *ostinato*)

Is rothlam an t-amhrán seo atá breis is 700 bliain d’aois! Chum manach darbh ainm John of Fornest é sa 13ú haois. Bhí sé ina chónaí i Mainistir i Reading, Sasana. Canann dhá theanór an chéad líne (rothlam de 4 pháirt) agus canann dhá dhord an *basso ostinato* (rothlam eile). Is féidir le haon mheascán guthanna é a chanadh, áfach. Is amhrán rince é mar gheall theacht an tsamhraidh. Seo an sampla is luaithe atá ar marthain d’amhrán le sé pháirt.

Sv-mer is i-cu-men in. Lhu-de sing cuc-cu. Gro-weþ sed and blo-weþ med and
springþ þe w - de nu. Sing cuc - cu. A - we ble-teþ af - ter lomb. lhouþ
af - ter cal - ue cu. Bul-luc ster-teþ. buc - ke uer-teþ mur-ie sing cuc-cu.
Cuc - cu cuc - cu wel sing-es þu cuc - cu ne swik þu na - uer nu.
Pes I: Sing cuc - cu nu. Sing cuc - cu.
Pes II: Sing cuc - cu. Sing cuc - cu nu.

Aistriúchán go Béarla an lae inniú

Summer has come in
Loudly sing, cuckoo!
Seeds grow and meadows bloom
and the woods spring anew
Sing cuckoo!
Ewe bleats after lamb,
Calf lows after cow,
Bullock leaps, buck turns,
Merrily sing, cuckoo!
Cuckoo, cuckoo!
Well you sing cuckoo,
Nor cease you ever now!
Sing cuckoo now, Sing, cuckoo!

Gnéithe Ceoil

Tonúlacht: Mód dó

Mothúcháin: Áthasach .

Luas: Mear, meidhreach.

Foirm: Rothlam dúbailte.

Amchomhartha: 6/8


Rithim: Luascach, croisín, camán coitianta tríd síos.

Gnéithe eile Ceoil:

- Gluaiseacht chéimneach go príomha.
- Tá idirchéim de thréach ann go minic.
- Focaldathú

Uigeacht: Ilfhónach.

Rothlam: Amhrán a chantar i bpáirteanna, le gach páirt ag teacht isteach ag déanamh aithrise ar an gceann a chuaigh roimhe. Nuair a thagann páirt



amháin go deireadh an amhráin tosaíonn sé arís. Sa bhealach seo rothlaíonn an t-amhrán thart agus thart. Sa rothlam seo tagann gach guth isteach dhá bharr tar éis an chinn roimhe. Is féidir a fheiceáil ón gceol thuas gur rothlam atá sa dá líne dheireanacha den cheol chomh maith, agus cantar an rothlam seo ag an am céanna leis an gceann eile. Tugtar rothlam dúbailte air dá bharr. Is féidir *basso ostinato* a thabhairt ar an dara rothlam chomh maith mar go bhfuil sé sa dord (basso) agus mar go dtagann sé ar ais arís agus arís eile tríd an amhrán ar fad (ostinato).



Le Foghlaim

Basso ostinato: Pátrún nótaí sa dord atá athdhéanta go minic nó go leanúnach tríd an bpíosa ceoil.

Focaldathú: Léirítear brí na bhfocal sa cheol. Sampla “cuckoo” fuaimníonn an ceol cosúil le glaoch na cuaiche.

Cleachtadh 1.8.1

Freagair na Ceisteanna thíos


1. Mínigh an téarma canóin.

2. Mínigh an téarma *ostinato*.

3. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

- a. Tá an t-amhrán seo: gealgháireach grámhar brónach
- b. Úsáidtear tonúlacht: mhór mhion mhódúil
- c. Tá an luas adagio allegretto presto
- d. Is é an nóta is airde ná: sa mhír.
- e. Is é an nóta is ísle ná: sa mhír.
- f. Bogann an tséis i: gcéimeanna léimeanna i gcéimeanna & léimeanna
4. Scríobh liosta de ghnéithe eile an amhráin

5. Cuir rithim fhreagartha leis an bhfrása seo thíos:



6. Tabhair sampla amháin de fhocaldathú san amhrán.

Tábla Dul Siar

Amhráin Dhualgais Bliain A

Amhrán	Catagóir	Tonúlacht	Rithim/Luas/ Am-chomhartha	Foirm	Mothú	Tír/Cumadóir	Cur Síos
An Mhaighdean Mhara	Amhrán tíre as Éirinn	Mór	Rithim agus luas solúbtha. 3/4	ABCD	Dáiríre, brónach.	Éire	Caoineadh faoi mhaighdean mhara agus í ag dul ar ais isteach san fharraige.
Kalinka	Amhrán tíre as tír eile – as an Rúis	Mion	Tapaidh 2/4	Véarsa & curfá C: AAAA Véarsa: BCBC'	Áthasach, gealgháireach	An Rúis	Amhrán bainise. Athraíonn an luas le sceitimíní a chur sa cheol. Fadú le fáil ar roinnt nótaí.
The Little Sandman	Amhrán ealaíne	Mór	Mall 4/4	AA1BCBC	Suaimhneach	Brahms	Suantraí – amhrán le páiste a chur ina chodladh.
Streets of Laredo	Bailéad	Mór	Mall 3/4	ABAB1	Brónach	Méiriceá	Amhrán faoi bhuachaill bó atá ag fáil bháis.
59th Street Bridge Song	Pop amhrán	Mór	Measartha tapaidh 4/4	3 véarsa	Áthasach, bríomhar, gealgháireach	Simon & Garfunkel	Amhrán a cheiliúránn an saol.
Wexford Carol	Amhrán Eaglasta	Módúil	Measartha mall 3/4	AA1BA1	Dáiríre, ómósach	Éire	Carúil a cheiliúránn breith Íosa.
La Speranzo	Amhrán as ceoldráma	Mór/mion/mór	Tapaidh 4/4	ABA	Áthasach, bríomhar	Handel	Airiá da capo as ceoldráma Ottone.
Sumer is Icumen In	Amhrán i bpáirteanna	mór	Tapaidh 6/8	Cumtha tríd	Beoga, bríomhar, áthasach	Sasana	Rothlaim le ostinato sa dord.

Is féidir leat an tábla seo a líonadh le heolas ó na hamhráin roghnaithe.

Amhrán	Catagóir	Tonúlacht	Am-chomhartha	Foirm	Mothú	Tír/Cumadóir	Cur Síos

Aonad 2: Na Saothair Dhualgaís

Clár Ábhair

Aonad 2: Grúpa A

Handel: Water Music (an leagan bunaidh), Sraith in D

An dara gluaiseacht: Cornphíopa

An cúigiú gluaiseacht: Minit



Rossini: Réamhcheol: “William Tell”



Orff: *Carmina Burana* (an chéad ghluaiseacht *O Fortuna*)

Cleachtaí Dul Siar



Nóta faoi scór ceoil a léamh

Sna leathanaigh seo a leanas beidh scór ceoil le léamh agat. Is féidir leis seo a bheith scanrúil ar dtús nuair a thosaíonn tú mar go bhfuil an oiread sin línte ceoil ann. Lean na treoracha seo sula dtosaíonn tú:

1. Más féidir, is fearr dul tríd an scór le haibhseoir sula n-éisteann tú leis an gceol, chun an tséis a shoiléiriú. Má léimeann an tséis ó uirlis go huirlis tá sé tábhachtach go mbeidh do shúile réidh le léimt ó líne amháin ceoil go líne eile ceoil. Cuideoidh an aibhsiú leis seo.
2. Tógadh na scóranna seo ó shuíomhanna ar an idirlíon agus tá cuid acu an-sean. Uaireanta ní bhíonn ainmneacha na n-uirlisí scríofa taobh le gach líne. Tá sé seo fíor faoin scór do Réamhcheol William Tell. Is fearr ainmneacha na n-uirlisí a scríobh isteach ar thaobh an scóir le cuidiú leat.
3. Scríobh isteach uimhreacha na mbarraí ar bharr an chéad bharra ar gach líne cheoil. Cuideoidh sé seo leat nuair atá tú ag iarraidh cleachtaí a dhéanamh, nó briseadh síos a dhéanamh ar fhoirm an cheoil.
4. Is féidir aibhseoirí de dhathanna éagsúla a úsáid le téamaí éagsúla a mharcáil sa scór. Cuideoidh sé seo leat teacht ar na téamaí ceoil go tapaigh.
5. Bain úsáid as dath eile arís le marc a chur ar aon fhocail atá scríofa isteach sa scór. Bain úsáid as an idirlíon le fáil amach cad is brí leo, muna bhfuil siad sa leabhar seo nó i dtéacsleabhar eile atá agat.

The image displays a musical score for the William Tell Overture. It consists of two systems of music. The first system shows the piano part (piano) and three string parts (T, A, B). The piano part is in 2/4 time, key of D major, and includes fingerings and bowings. The string parts are in 2/4 time, key of D major, and include fingerings. The second system continues the music, with the piano part and string parts. The piano part includes fingerings and bowings. The string parts include fingerings. The score is for the William Tell Overture, which is a piece of music by Rossini. The score is in 2/4 time, key of D major, and includes fingerings and bowings for the piano part. The string parts are in 2/4 time, key of D major, and include fingerings.

Water Music (an leagan bunaidh), Sraith in D

An dara gluaiseacht: Cornphíopa

An cúigiú gluaiseacht: Minit

le George Frederick Handel (1685-1759)



Scríobh an cumadóir Gearmánach, George Frederick Handel an saothar seo sa bhliain 1717. Bhí Handel ina chónaí i Sasana agus cumadóir mór le rá ba ea é. Iarradh air ceol a chumadh do chóisir le haghaidh Rí Seoirse 1. Bhí an chóisir le reáchtáil ar Abhainn na Tamais. Sheol an rí ó Whitehall go Chelsea ar bháirse agus lean báirse eile é, ar a raibh caoga ceoltóir agus iad ag seinm an ‘Water Music’ le Handel. Thaitin sé chomh mór leis an rí gur seinneadh an ceol 3 huaire. Tá 17 ngluaiseacht sa saothar seo agus iad roinnte i 3 shraith. Tagann an cornphíopa agus an mhinit ón tSraith in D mór.



An Cornphíopa

Sa 16ú haois ba rince aonréadach ó Shasana é an cornphíopa. Bhí luas beoga aige agus bhí sé in am tríthoin. Chuir Handel cornphíopa in am tríthoin ina chuid sraitheanna go minic. Faoi lár an 18ú haois bhí an cornphíopa athraithe go ham dúbailte agus baint aige le rince mairnéalach.

Uirlisí: Óbó, basún, trumpaí, coirn, téaduirilísí.

Gnéithe Tábhachtacha Ceoil: Foirm A B A (foirm thríanach/thrénártha), mórghléas, homafónach go príomha, roinnt cuntrapointe, tréacha agus athsheinm.

An Cornphíopa	Cur síos
Barraí 1-5 	Osclaíonn le séis láidir bheoga shioncóipithe. Séis ag dul suas ar veidhlín agus óbó atá ann, le léimeanna agus céimeanna. Críochnaíonn sé ar dhúnadh neamhfhoirfe (I-V) ag barra 5.
Barraí 5-11 	Freagra 6 bharra ar fhad. Séis ag dul síos ar an veidhlín agus óbó ag críochnú ar dhúnadh foirfe (V-I)
Barraí 11-22	An tséis oscailte arís ar thrumpaí agus na coirn ina dhiaidh.
Barraí 22-27	Cloistear an freagra ar na téada, níos airde ná mar a bhí. Cloistear an t-óbó i gcuntrapointe. Athraíonn an gléas go dtí an gléas ceannasach A mór, le

	dúnadh V-I.
Barraí 27-39	Freagra ar na trumpaí, coirn, agus ansin ar na téada, óbó agus trumpa. Críochnaíonn an t-aonad le <i>tutti</i> . Dúnadh foirfe in D mór (V-I)
Aonad B	Déanann sé codarsnacht le A
Barraí 40-74 	(a) Gan chorn ná trumpa (b) Tosaíonn an ceol i B mion agus athraíonn an gléas go minic (c) Is ceol úrnua é seo, ach le macallaí d'Aonad A (d) Níos ciúine ná Aonad A
Barraí 43-49 agus 57-62	Óbó i gcuntrapointe leis an veidhlín.
Barraí 49-51 	Modhnú go gléas F# mór. Smaoineamh nua sa ghléas seo.
Barra 74	Críochnaíonn sé i B mion (V-I)
Aonad A	
Barra 1 - 39	D.C. al Fine – téigh ar ais go dtí an tús agus seinn fhad leis an bhfocal "Fine". Seinntear Cuid A arís ón tús go barra 39.



12. Alla Hornpipe^{oj}

Tromba I
Tromba II
Corno I
Corno II
Oboe I
Oboe II
Fagotto
Violino I
Violino II
Violino III
Viola
Bassi
(Violoncello, Violone, Contrabasso)

7

14

6 7 8 9

21

4 7 8 9 10 11 12 13

27

6 7 6 6

33

7 6 6 6 7 6 4 3 Fine

40

6 7 6 5 7 6 4 7 6 6 7 5

46

9 8 6 7 6 6 6 3 7 7 6 6 4 4 7 4

51

52

53

54

55

56

57

58

59

60

61

62

61

61 62 63 64 65 66

67

67 68 69 70 71 72

7 6 4 7 6 5 12 11 10 9 8 7 6 5 4 3 2 da capo

Cleachtadh 2.1.1

Tasc Éisteacha

Éist leis an sliocht seo agus freagair na ceistanna thíos:

An Chéad Éisteacht:

1. Déan cur síos ar an suíomh nó íomhá a chruthaíonn an ceol seo duit:

An Dara hÉisteacht:

2. Ainmnigh na huirlisí a chuala tú sa cheol:

3. An maith leat an ceol seo? Cuir fáth le do fhreagra:

4. Cuir ciorcal thart ar an bhfocal cuí:

Luas:	Mall	Mear	Meánach
Fonn:	Croíúil	Feargach	Brónach
Tonúlacht:	Mór	Mion	Módúil
Meadarach:	2	3	4
Uigeacht:	Tanaí/soiléir	dlúth/saibhir	
Séis:	Ard	Meánach	Íseal
Gluaiseacht:	Céimneach	Nótaí athdhéanta go minic	Léimneach
Rithim:	Nótaí réidhe	Nótaí Poncailthe	Nótaí Fada
Uirlisí:	Ceathairéad Téadach	Ceolfhoireann Bheag	Práis
Cumadóir:	Éireannach	Sasanach	Gearmánach

Cleachtadh 2.1.2

Bain úsáid as an scór leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

1. Cén gléas ina bhfuil an cornphíopa? _____
2. Cén t-amchomhartha atá aige? _____
3. Mínigh an t-amchomhartha sin: _____
4. Ainmnigh na huirlisí a sheinneann: _____
5. Mínigh “tr” a scríobhtar os cionn nótaí: _____
6. Mínigh *tutti*: _____
7. Tá nótaí athdhéanta coitianta sa chornphíopa. Fíor nó bréagach? _____
8. Tá modhnú sa chornphíopa go dtí gléas A mór. Fíor nó bréagach? _____
9. Mínigh *Fine*: _____
10. Cén gléas ina bhfuil an dara cuid, B? _____
11. Mínigh 8va: _____
12. I mbarra 7 cén idirchéim atá idir an dá nóta ar óbó 1 & 2 ar na trí croisíní deireanacha? _____
13. Ainmnigh difear amháin idir barra 1 agus barra 11: _____
14. Cén tríchorda ar a bunaíodh an chéad trí nóta d’óbó 1 i mbarra 40? _____
15. I mbarra 46 & 47 sa chéad veidhlín an bhfuil seicheamh nó athsheim le fáil ann?

16. Cad is brí le *da capo*(barra 74)? _____
17. Cén gléas ina bhfuil an ceol i mbarraí 55 – 57? _____
18. Ainmnigh trí ghléas ina bhfuil an ceol sa chornphíopa: _____
19. Mínigh *molto dim.* : _____
20. Mínigh *legato*: _____
21. Mínigh *cresc*: _____
22. Mínigh *diminuendo*: _____

An Mhinit







Seo gluaiseacht 5 den tsraith in D mór san *Water Music*.

Uirlisí: Trumpa, corn, óbó, basún, téaduirisí.

Gnéithe an cheoil: Foirm dhénártha (AB), uigeacht homafónach, mórghléas, nótaí athsheinnte.



Minit: Damhsa sóisialta a tháinig ón bhFrainc do bheirt le hamchomhartha 3/4. Is damhsa maorga, grástúil é. Ar dtús bhíodh sé i bhfoirm dhénártha AB le hocht mbarra i ngach cuid, ach de réir a chéile d'fhás an dara cuid go dtí go raibh sé níos faide ná an chéad cuid. Sa Mhinit seo tá 8 mbarra sa chéad cuid, agus tá 16 bharra sa dara cuid.

Minit	Foirm: AABB –trumpaí & vlní AABB – coirn & óbóanna AABB - tutti
Cuid A: Barraí 1-8 	Séis shimplí 8 mbarra, bunaithe ar 4 nóta athsheinnte is ea an cuid seo. Críochnaíonn an t-aonad ar dhúnadh foirfe (V – I) Seinnte ar thrumpaí & veidhlíní
Cuid B: Barraí 9-24 	Is aonad níos faide an cuid seo. Tosaíonn sé le ceithre nóta athsheinnte, ach iad níos airde. Athsheinntear an tséis. Seinnte ar thrumpaí & veidhlíní
Cuid A: Barraí 1-8 	Seinnte ar choirn & óbóanna
Cuid B: Barraí 9-24 	Seinnte ar choirn & óbóanna
Cuid A: Barraí 1-8 	Seinnte <i>tutti</i>
Cuid B: Barraí 9-24 	Seinnte <i>tutti</i>

13. Minuet

Tromba I
Tromba II
Corno I
Corno II
Oboe I
Oboe II
Fagotto
Violino I
Violino II
Violino III
Viola
Bassi
(Violoncello, Violone, Cembalo)

18

This musical score consists of three systems of staves, each with a grand staff (treble and bass clef) and a single bass staff. The key signature is two sharps (F# and C#), and the time signature is 6/8. The notation includes various musical symbols such as notes, rests, and bar lines. The first system contains measures 18 through 22. The second system contains measures 23 through 27. The third system contains measures 28 through 32. The piece concludes with a double bar line and repeat dots at the end of the final measure.



Cleachtadh 2.1.3

Tasc Éisteacha

Éist leis an sliocht seo agus freagair na ceisteanna thíos:

An Chéad Éisteacht:

1. Déan cur síos ar an suíomh nó íomhá a chruthaíonn an ceol seo duit:

An Dara hÉisteacht:

2. Ainmnigh na huirlisí a chuala tú sa cheol:

3. An maith leat an ceol seo? Cuir fáth le do fhreagra:

4. Cuir ciorcal thart ar an bhfocal cuí:

Luas:	Mall	Mear	Meánach
Mothú:	Croíúil	Feargach	Brónach
Tonúlacht:	Mór	Mion	Módúil
Meadarach:	2	3	4
Uigeacht:	Tanaí/soiléir		dlúth/saibhir
Séis:	Ard	Meánach	Íseal
Gluaiseacht:	Céimneach	Nótaí athdhéanta go minic	Léimneach
Rithim:	Nótaí Poncailthe	Nótaí Fada Coimeádta	Nótaí réidhe
Uirlisí:	Práis	Ceolfhoireann Bheag	Ceathairéad Téadach

Cleachtadh 2.1.4

Mínigh na nithe seo a leanas:

$3/2$ _____

f _____

tr _____

tutti _____

8va _____

mf _____

Fine _____

Legato _____

p _____

Molto dim. _____

D.C. al fine: _____

Gléas an tonaigh: _____

Mionghléas coibhneasta: _____

Mórghléas coibhneasta: _____

Géar: _____

Maol: _____

Nádurtha: _____

Seachtrán: _____



Freagair na ceisteanna seo a leanas

1. Ainmnigh an gléas ina bhfuil an cornphíopa: _____

2. Cad é an t-amchomhartha? _____

3. An athraíonn an mothú ón tús go dtí an deireadh? _____

4. Cén saghas uigeachta ata ann? _____

5. Mínigh an focal ‘cuntrapointe’:

6. An dtagann an ghluaiseacht seo ó shraith nó ó choinséartó? _____

7. Ainmnigh na huirlisí sa ghluaiseacht: _____

8. Déan cur síos ar rithim na gluaiseachta:

10. Cad is cornphíopa ann? _____

11. Cén fáth a dtugtar an ‘Water Music’ ar an gceol seo?

12. Cad is minit ann? _____

13. An gluaiseacht ó shraith nó ó shiansa í seo? _____

14. Cad é foirm na minite seo? _____

15. An mó uair a athsheinntear an rithim ó bharra 1? _____

16. Conas a athraíonn Handel na haonaid nuair a athsheinntear iad?

17. Cén dúnadh ar a gcríochnaíonn an mhinit seo? _____

18. Ainmnigh trí thír inar chaith Handel am: _____

Cleachtadh 2.1.5


Scríobh an cumadóir Gearmánach, Handel an saothar seo. Scríobh cuntas gairid (10 bpointe) ar an gcumadóir agus ar na saothair a chum sé.

Chum Handel an saothar Messiah a seinneadh den chéad uair i mBaile Átha Cliath. Déan taighde faoin gceol sin.

Déan taighde faoin tsraith damhsa a bhí coitianta ag an am go raibh Handel beo. Tabhair trí phointe eolais faoin gcornphíopa agus faoin minit.

Réamhcheol: “William Tell”

le Gioacchino Rossini (1792-1868)



Ba chumadóir Iodálach é Rossini. Chum sé 32 ceoldráma. Ba é ‘William Tell’ an ceoldráma deireanach a chum sé. Tá sraith William Tell suite san Eilvéis, sa cheathrú haois déag, nuair a bhí an tír faoi cheannas na hOstaire agus an tíoránaigh Gessler. Tá an ceoldráma bunaithe ar an scéal ‘William Tell’, leath-fhíorscéal, leath-fhinscéal.

Tugann William Tell cabhair d’aoire ar bhruach Loch Lucerne. Iomraíonn Tell an t-aoire trasna an locha agus éalaíonn an t-aoire ón saighdiúir Ostarach. Cuirtear Tell sa phríosúin. Éiríonn sé stoirmiúil agus bíonn ar Tell iomramh trasna an locha. Maraíonn Tell an tíoránach Gessler. Cuirtear an ruaig ar na hionróirí agus bíonn Tell ina laoch.

Sampla maith é an réamhcheol drámata seo de cheol léiritheach mar go léiríonn sé ceithre chuid den scéal:

- Éirí na gréine sna hAlpa
- Stoirm
- Aoire ar an sliabh
- Réabhlóid

Cruthaíonn gach cuid den cheol pictiúr soiléir in intinn an éisteora, agus is furast éirí na gréine, an stoirm, suaimhneas an aoire agus sceitimíní na réabhlóide a shamhlú le cuidiú ón gceol.

Uirlisí: An Cheolfhoireann iomlán

Gaothuirlisí adhmaid: fliúiteog, feadóga móra, óbóanna, cor anglais, cláirnéidí, basúin.

Na Práis: Coirn Fhrancacha, trumpaí, trombóin.

Cnaguirlisí: tiompáin, triantán, dord-druma, ciombailí,

Téaduirlisí: Veidhlíní, viólaí, doirdveidhlí, olldoird.

Cuid A – Éirí na Gréine sna hAlpa (Barraí 1-47)




E mion agus E mór

Amchomhartha: 3/4


Uirlisí: 5 dhordveidhil

Homafónach

